Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2022
(OR. fr, en)

5400/22
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0396(NLE)**

JAI 57
FREMP 14
COVID-19 12
FRONT 25
MI 39
SAN 32
TRANS 25
IPCR 11
COCON 9
COMIX 33

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhordú COVID-19<br>Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475<br>- Ráiteas ó thoscaireacht na Cróite |

**Ráiteas ón gCróit maidir le Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475**

Tacaíonn an Chróit leis an gcur chuige comhordaithe a bhfuil sé d'aidhm leis níos mó aonfhoirmeachta a chruthú maidir le srianta taistil agus is féidir léi tacú leis an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475.

Ag an am céanna, measann an Chróit gur gá a athdhearbhú gur cheart don Choimisiún Eorpach gníomh tarmligthe a ghlacadh lena bhforáiltear go bhféadfaí deimhniú téarnaimh a eisiúint bunaithe ar mhearthástáil dhearfach antaigine. Gan an gníomh tarmligthe seo, déanfar saorghluaiseacht thar a dteorainneacha náisiúnta a cheilt go héagórach ar dhaoine a ndiúltaítear deimhniú téarnaimh dóibh bunaithe ar mhearthástáil dhearfach antaigine, rud atá níos suntasaí arís i bhfianaise Omicron, athraitheach atá ag leathadh go tapa.

Thairis sin, maidir le fad na ndeimhnithe, ba mhian leis an gCróit a chur i bhfios go láidir, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, nach mór an tréimhse bhailíochta chéanna, i.e. 270 lá, a bheith ag an deimhniú vacsaínithe agus an deimhniú téarnaimh.